Ionad na dTeangacha
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Teastas Eorpach na Gaeilge

Meánleibhéal 1 (B1)

Scrúdú Samplach

Cluastuiscint, Léamhthuiscint, Scríbhneoireacht

1. Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo, le do thoil:

2. Tá an Scrúdú Cluastuisceana (25%), an Scrúdú Léamhthuisceana (25%) agus an Scrúdú Scríbhneoireachta (20%) sa leabhrán seo. Baineann an 30% eile leis an Scrúdú Cainte.

3. Freagair gach ceist.

4. Mairfidh an Scrúdú Cluastuisceana timpeall 25 nóiméad. Beidh 5 nóiméad agat leis an Scrúdú Cluastuisceana a léamh sula gcuirfear an taifeadadh ar siúl.

5. Mairfidh an Scrúdú Léamhthuisceana agus an Scrúdú Scríbhneoireachta uair go leith.

Don oifig amháin

Cluastuiscint

1
2
3
4

Léamhthuiscint

1
2
3

Scríbhneoireacht

1
2
3

© Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Cluastuiscint

25% den scrúdú iomlán: (48 marc)

Tá 5 nóiméad agat leis an bpáipéar a léamh sula dtosóidh an taifeadadh. Tá ceithre cheist ar fad sa pháirt seo. Cloisfidh tú gach téacs faoi dhó. Freagair na ceisteanna i nGaeilge. *Ní gá abairtí iomlána a scríobh.*

1

Éist le trí fhógra agus freagair na ceisteanna thíos. ☐ /12 marc

Fógra 1

1. Tá cuimhne mhaith ag muintir na háite ar Eoin Ryan. Cén fáth?

   _____

2. Cad atá ar an dlúthdhiosca a théann leis an leabhar?

   _____

Fógra 2

1. Thug na Gardaí comhairle do thiománaithe. Céard é?

   _____

2. Cad a theastaíonn ó Sheán Ó Loingsigh?

   _____

Fógra 3

1. Cén lá a mbuailfidh daoine le chéile chun na tránna a ghlanadh?

   _____

2. Beidh na daoine ag glanadh na trá. Cén áit eile a ghlanfaidh siad?

   _____

© Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

2 *Éist leis na trí chomhrá agus freagair na ceisteanna thíos.* ☐ /12 marc

Comhrá 1

1. Cá bhfuil Bríd ag dul ar thuras scoile i mbliana?

_____

2. Cén fáth nach mbeidh Joe ag dul ar an turas scoile le Bríd?

_____

Comhrá 2

1. Cén fáth a bhfuil Seán chun glaoch ar an tiarna talún?

_____

2. Deir Máire go gcaithfidh an tiarna talún rud éigin eile a dhéanamh. Cad é?

_____

Comhrá 3

1. Cad a bheidh ann don phríomhchúrsa anocht?

_____

2. Cén gaol atá idir Diarmuid agus an bhean?

Saoiste agus oibrí ☐
Comhoibrithe ☐
Cócaire agus freastalaí ☐

© Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

3 *Cloisfidh tú píosa as agallamh raidió. Tá an t-iriseoir Aoife Ní Bhuachalla ag caint faoin tréimhse a chaith sí ag obair san Iodáil. Freagair na ceisteanna thíos.* / 12 marc

Agallamh raidió

1. Cén deacracht is mó a bhí ag na mic léinn a bhí san ollscoil nuair a bhí Aoife ann?

_____

2. Cén fáth ar ghlac Aoife leis an bpost san Iodáil?

_____

3. Cén fáth nár thaitin an seomra san óstán le hAoife?

_____

4. Cén obair a rinne Aoife san óstán?

_____

5. Cad a deir Aoife faoina pearsantacht féin?

_____

6 Cén cineál daoine a bhí ag fanacht san óstán?

_____

© Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

4 *Cloisfidh tú comhrá idir Sinéad agus Cormac. Tá siad ag caint faoi litreacha a tháinig sa phost. Léigh na ráitis thíos. An bhfuil siad **fíor**, **bréagach** nó **ní deirtear**?*
Cuir tic ☑ sa bhosca ceart.

☐ /12 marc

1. Tháinig litreacha sa phost do Shinéad inniu.

A. Fíor ☐ *B. Bréagach* ☐ *C. Ní deirtear* ☐

2. Cheannaigh Sinéad ticéid ar an Idirlíon.

A. Fíor ☐ *B. Bréagach* ☐ *C. Ní deirtear* ☐

3. Tá a fhios ag Cormac cén praghas a bhí ar an ngúna a cheannaigh Sinéad.

A. Fíor ☐ *B. Bréagach* ☐ *C. Ní deirtear* ☐

4. Beidh grianghrafanna de Sheapánaigh sa taispeántas.

A. Fíor ☐ *B. Bréagach* ☐ *C. Ní deirtear* ☐

5. Beidh an taispeántas ar siúl in Éirinn agus thar lear.

A. Fíor ☐ *B. Bréagach* ☐ *C. Ní deirtear* ☐

6. Tá aithne ag Cormac ar Ríonach.

A. Fíor ☐ *B. Bréagach* ☐ *C. Ní deirtear* ☐

© Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Léamhthuiscint

25% den scrúdú iomlán: (40 marc)

1 *Tá toghchán le bheith ann an mhí seo chugainn. Léigh an cur síos ar na vótóirí agus na polaiteoirí. Roghnaigh an polaiteoir is fearr do gach vótóir. Scríobh an litir cheart sa ghreille thíos.*

/10 marc

1. Fiontán & Linda Armstrong	
2. Hilary Baird	
3. Eoin Ó Ceallaigh	
4. Seán Ó Lochlainn	
5. Céline Ngando	

1. Fiontán & Linda Armstrong
Beirt phinsinéirí ón gcathair atá anois ina gcónaí i sráidbhaile beag. Níl siad ag iarraidh an iomarca forbartha. Is breá leo an ciúnas, ach tá díomá orthu faoin tslí a bhfuil cúrsaí na háite ag dul. Dúnadh an banc agus stáisiún na nGardaí le déanaí agus ní thagann an leabharlann taistil ach uair sa mhí anois.

2. Hilary Baird
Tá Hilary ina cónaí lena máthair. Tá sí geallta le múinteoir scoile agus ba mhaith leo pósadh go luath. Níl go leor airgid acu, áfach, le teach a cheannach sa chathair. Tá an ceantar in aice le scoil Mháirtín an-daor ar fad. Ní miste leo cónaí ar imeall an bhaile ach tá sé an-fhada amach ó scoil Mháirtín.

3. Eoin Ó Ceallaigh
Is fear de bhunadh na cathrach é Eoin. Fágadh gan post é nuair a dúnadh an mhonarcha a raibh sé ag obair inti. "Tuigim go bhfuil deireadh leis na monarchana," a deir sé. "Teastaíonn scileanna nua anois chun obair a fháil, ach cá bhfoghlaimeoidh mise scileanna ríomhaireachta agus a leithéid?"

4. Seán Ó Lochlainn
Cúrsaí timpeallachta is mó atá ar intinn ag Seán. "Ba mhaith liom mo chlann a thógáil in áit ghlan fholláin. Tá na monarchana salacha ag imeacht ach anois tá an iomarca carranna ann. Tá áiseanna taistil don phobal go léir ag teastáil go géar."

5. Céline Ngando
Cúrsaí oideachais is mó atá ag cur imní ar Céline, a tháinig go hÉirinn ón Afraic. D'éirigh léi áit a fháil dá mac óg i meánscoil áitiúil. Tá roinnt teangacha ar a thoil ag a mac, an Fhraincis ina measc, ach níl sí cinnte go mbeidh sé ábalta ábhair chasta a thuiscint ná scrúduithe a dhéanamh trí mheán an Bhéarla.

© Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

A. *Malachy Ó Laoire*
Creideann Malachy go gcaithfear plean a chur le chéile le haghaidh na gceantar tuaithe. "Tá na ceantair seo go hálainn. Cén fáth nach bhfuil óstáin agus bóithre den scoth ann? Cén fáth nach féidir tithe saoire a thógáil ann? Tá airgead agus obair ag teastáil go géar, nó ní bheidh aon duine fágtha sna háiteanna seo."

B. *Ciara de Brún*
Dar le Ciara gur gá plean iompair a chur le chéile don cheantar ar fad. “Bhí córas traenacha againn fadó agus deir an tInnealtóir Contae gur féidir a leithéid a bheith againn arís. Agus ba chóir cuid den bhóthar a thabhairt suas do na busanna a théann idir na bruachbhailte agus lár na cathrach. Caithfear an brú tráchta a laghdú."

C. *Nuala de Barra*
Creideann Nuala gur gá rud éigin a dhéanamh faoi chúrsaí póilíneachta. "Níl go leor Gardaí ar na sráideanna, go háirithe faoin tuath. Tá a fhios ag robálaithe gur féidir leo teacht anseo agus aon rud is mian leo a dhéanamh. Bíonn eagla mhillteanach ar sheandaoine nuair a chloiseann siad scéalta faoi dhaoine ag briseadh isteach i dtithe."

D. *Mairéad Ní Loingsigh*
Creideann Mairéad gur chóir don rialtas cabhrú le daoine óga atá ag iarraidh a n-áit féin a fháil. Caithfidh an rialtas tithe a thógáil ar phraghas réasúnta sa chaoi is go mbeidh daoine ábalta cónaí gar don áit a mbíonn siad ag obair."

E. *Angela de Paor*
Tá Angela an-dóchasach faoin am atá romhainn. "Tá cuid mhór daoine ag teacht chugainn ó thíortha eile, mar shampla. Tá siad ag cur brí agus beatha nua ina lán áiteanna. Tá gá le háiseanna sa láthair oibre agus sa chóras oideachais chun cabhrú leo dul i gcleachtadh ar shaol agus ar chultúr na hÉireann".

F. *Phil Mac Mathúna*
Deir Phil gur cheart seirbhísí a chur ar fáil faoin tuath. "Tá na ceantair seo go hálainn ach tá sé an-deacair cónaí iontu. Caithfidh daoine taisteal chun na mbailte móra chun litir a chur sa phost! Cá bhfuil na dochtúirí? Tá an turasóireacht ceart go leor ach cad é faoi na daoine atá ina gcónaí faoin tuath an bhliain go léir?"

G. *Sorcha Ní Fhlatharta*
Dar le Sorcha go gcaithfidh scoileanna an cheantair a chosaint. "Tá scoileanna ag dúnadh gach uile áit, go háirithe taobh amuigh de na bailte móra. Bíonn ar na tuismitheoirí turas fada a dhéanamh gach lá ar bhóithre atá róghnóthach cheana féin. Caithfimid oideachas den scoth a thabhairt do gach páiste ina cheantar féin."

H. *Seosamh Mag Uidhir*
Creideann Seosamh gur gá rud éigin a dhéanamh faoin dífhostaíocht sa cheantar. "Tá na monarchana ag dúnadh agus ag imeacht uainn thar sáile. Caithfidh an rialtas deontais airgid a chur ar fáil chun iad a choinneáil in Éirinn. Caithfear mótarbhealach nua a dhéanamh freisin idir seo agus an phríomhchathair."

I. Breandán Ó Conghaile
Dar le Breandán go bhfuil cúrsaí fostaíochta go holc sa dáilcheantar seo. "Tá an turasóireacht an-tábhachtach ach ní leor í. Teastaíonn oideachas agus traenáil uainn chun jabanna nua teicneolaíochta a thabhairt go dtí an ceantar. Molaimse cúrsaí traenála a chur ar bun le haghaidh daoine dífhostaithe de gach aois."

© Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

2 *Léigh an méid thíos agus ansin freagair na ceisteanna.* ☐ /14 marc

An Saol Glas

le Breandán Ó Riain

Corruair caithfidh tú náire a chur ar dhaoine chun go ndéanfaidh siad an rud ba cheart dóibh a dhéanamh. Tóg mise, mar shampla. Chonaic mé na drochscéalta faoi chúrsaí timpeallachta ar an nuacht. An sneachta ag imeacht ó na sléibhte is airde ar domhan. Dochreidte ar fad, ach sin mar atá. Aimsir shamhraidh againn i dtús an earraigh agus an domhan ag éirí níos teo i gcónaí. Tá a fhios agam gur ábhar mór imní é sin, ach, le fírinne, bainim taitneamh as an dea-aimsir. Cibé ar bith, ní féidir liomsa an fhadhb a réiteach. Obair do na polaiteoirí atá ann. Sin mar a thuig mise an scéal.

Bhí dearcadh eile ag m'iníon óg, Louise. Bhí píosa obair bhaile le déanamh aici – “Cé chomh glas is atá do theaghlach?” Bhí marc idir 20 ('fíormhaith') agus 0 ('fíorolc') le tabhairt dúinn. Bhí teaghlach Uí Riain gar don ghrád is ísle!

An mhuintir óg seo! Ní thuigeann siad cúrsaí an tsaoil! Agus bíonn siad ag smaoineamh orthu féin an t-am ar fad. Tá sé ceart go leor ag Louise bheith ag gearán faoi ‘ghluaisteáin’ agus ‘toit’ ach cad é a dhéanfadh sí gan síob chun na scoile gach maidin? Ach ní raibh mo bhean chéile, Sarah, ag aontú liom ar chor ar bith. "Bíodh ciall agat, a Bhreandáin" a dúirt sí. "Insíonn daoine óga an fhírinne i gcónaí, mar a thuigeann siad féin í. Tá a fhios agat féin é sin i do chroí istigh."

Rinneamar cinneadh, mar sin, iarracht níos fearr a dhéanamh. Is le rudaí beaga a thosaíomar. Buidéil, cannaí agus páipéar a chur sa bhosca bruscair ceart. Cithfholcadh tapa a ghlacadh in áit uair an chloig a chaitheamh i bhfolcadán lán. Gan an niteoir soithí a chur ar siúl go dtí go mbíonn sé lán, chun nach gcuirfear uisce amú. Bíonn na billí leictreachais i bhfad níos ísle agus caithimid i bhfad níos lú airgid ar ola.

Rud maith eile ná go bhfaigheann gach duine againn tuilleadh aclaíochta - ag siúl nó ag obair sa ghairdín. Agus bainim i bhfad níos mó sásaimh as an ghairdín anois. Chuireamar plandaí agus crainn ann agus tá bairille mór ann le haghaidh uisce báistí a choimeád.

Ach is é an rud is mó a thugann sásamh dúinn ná go ndéanann an teaghlach rudaí le chéile anois. Téimid go dtí margadh 'faoin aer' gach Satharn agus ceannaímid glasraí agus torthaí áitiúla. Cén fáth a mbíonn ollmhargaí na hÉireann lán de phrátaí agus d'úlla a thagann le heitleán ó thíortha thar sáile? Bíonn na hearraí atá le díol sna margaí agus na siopaí beaga áitiúla níos sláintiúla, níos saoire agus bíonn na margaí féin níos fearr don timpeallacht. Tá na hollmhargaí suite ar imeall an bhaile. Caithfidh tú tiomáint a fhad leo agus tiomáint ar ais arís.

D'athraigh ár saol go mór le bliain anuas. Suím i mo ghairdín deas agus breathnaím ar na plandaí agus na crainn. Tá a fhios agam, ar a laghad, nach bhfuil Breandán Ó Riain ag déanamh mórán dochair. Ach féachaim ar na heitleáin go hard os mo chionn agus cloisim na céadta carr ar an mbealach mór agus cuirim ceist orm féin “an bhfuil mé ag déanamh mórán sochair?”

© Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

1. Cén dearcadh a bhí ag Breandán faoi chúrsaí timpeallachta ar dtús? Cuir tic leis ***an ráiteas is fearr***.

   - Níor chreid sé na drochscéalta go léir. ☐
   - Bhí sé an-imníoch faoi. ☐
   - Níor shíl sé go dtiocfadh leis féin aon rud a dhéanamh. ☐
   - Shíl sé gur cheart do gach duine rud éigin a dhéanamh. ☐

2. Cé chomh sásta a bhí Louise lena teaghlach féin?

   - Sásta go leor. ☐
   - Míshásta. ☐
   - An-mhíshásta ☐

3. Cén dearcadh atá ag bean Bhreandáin faoi dhaoine óga? Cuir tic leis ***an ráiteas is fearr***.

   - Tá siad mífhoighneach. ☐
   - Tá siad an-ionraic. ☐
   - Tá siad an-leithleach. ☐
   - Tá siad réchúiseach. ☐

4. Luaigh dhá rud a dhéanann teaghlach Uí Riain chun uisce a shábháil.

a _____

b _____

5. Cén fáth nach mbíonn teaghlach Uí Riain ag siopadóireacht sna hollmhargaí níos mó? Cuir tic le gach rud atá luaite sa téacs.

   - Bíonn siad níos costasaí. ☐
   - Tá siad rómhór. ☐
   - Tá siad rófhada ó bhaile. ☐
   - Ní bhíonn an tseirbhís go maith. ☐

6. Cad é an rud is fearr a tharla ó thosaigh teaghlach Uí Riain ar an saol nua 'glas'?

_____

7. *'Tá Breandán cinnte anois gur féidir le daoine aonair difear mór a dhéanamh.'* An bhfuil an ráiteas sin:

   Fíor ☐
   Bréagach ☐
   Ní thugtar an t-eolas ar chor ar bith. ☐

© Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

3 *Léigh an píosa thíos agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.* /16 marc

Tá bliain caite ag Nuala Watson ag obair sa bhaile. Insíonn sí dúinn cad é mar a d'éirigh léi.

Is minic a chloisim daoine ag rá, “Ó nár dheas bheith ag obair sa bhaile agus gan do shaol a chaitheamh in oifig!" Tuigim sin. Cuireann an turas traenach isteach chun na cathrach strus mór ar dhaoine. Bíonn bóithre Bhaile Átha Cliath go dona ar fad - na mílte is na mílte carr agus iad ina stad, beagnach. Agus ansin bíonn na páistí le bailiú ón scoil ar maidin agus tráthnóna. Is ea, bíonn saol deacair ag an-chuid daoine i mbruachbhailte Bhaile Átha Cliath. Maidir liomsa, bímse ag rothaíocht trí na carranna go breá tapa ar mo bhealach isteach is amach. D'imigh mo bheirt mhac chun an choláiste anuraidh. Ach bhí cúig bliana déag caite agam san oifig. Shíl mé go raibh sé in am dom mo shaol oibre a athrú.

Bhí mé ag lorg eolais faoin scéal ar an Idirlíon agus sna nuachtáin ach ní bhfuair mé dada. Rinne mé dearmad de ar feadh tamaill agus lean mé orm ag obair mar ba ghnách. Ansin, maidin Luain amháin, tháinig duine isteach san oifig ag caint faoi 'Obair Sholúbtha sa Státseirbhís'. Labhair sé faoi obair pháirtaimseartha ar dtús agus ansin faoi bheith ag obair ó do theach féin. Bhí mé an-tógtha leis an dara cuid den chaint! Labhair mé le mo bhainisteoir, Peadar, agus dúirt sé go raibh sé sásta triail a bhaint as ar feadh bliana. Is duine breá lách é Peadar. Dúirt sé liom go mbeadh míbhuntáistí ann domsa. "Beidh costais leictreachais agus teasa ort, a Nuala. Beidh ort feabhas a chur ar do scileanna ríomhaireachta freisin. Tá d'ainm curtha síos agam le haghaidh ardrang ríomhaireachta."

Ach is ar na buntáistí a bhí mise ag smaoineamh. Bheadh i bhfad níos mó ama agam dom féin. Ní bheadh orm uair an chloig a chaitheamh ag déanamh réidh ar maidin agus ag taisteal isteach. Thiocfadh liom am lóin a chaitheamh ag an bpianó seachas bheith ag iarraidh ceapaire a fháil i gcaife plódaithe éigin i lár na cathrach. Agus bheadh uair an chloig saor agam óna cúig go dtí a sé chun staidéar a dhéanamh ar an Spáinnis.

Dúirt daoine liom, "Ach nach mbeidh tú uaigneach ag obair leat féin? Ní bheidh comhluadar agus comhrá do chomhoibrithe agat níos mó." Is fíor sin, ar ndóigh, ach ní bhíonn craic ná sult san oifig níos mó. Níor thit mé amach le mo chomhoibrithe riamh. Go deimhin, táimid an-mhór le chéile, ach an aimsir seo, bíonn daoine róghnóthach chun comhrá a dhéanamh leat.

Conas a d'éirigh liom, mar sin? Bhuel, bhí eagla orm go mbeinn rud beag leisciúil - ag fanacht sa leaba go dtí 9.30 gach maidin! Ach níor tharla sin in aon chor. Thosaigh mé ag déanamh aclaíochta ar maidin, agus is caitheamh aimsire nua ar fad í sin. Thosaigh mé ag scríobh dialainne chomh maith, rud nach ndearna mé ó bhí mé i mo chailín óg.

Tharla roinnt rudaí nach raibh ródheas. Déanann daoine dearmad díot nuair nach bhfeiceann siad gach lá thú. Rinne siad dearmad cuireadh a thabhairt dom dul go dtí cóisir na Nollag fiú amháin! Ach chuimhnigh siad orm ar an nóiméad deireanach agus chuir siad glaoch gutháin orm. Bhí mé ag déanamh obair mhaith ach ní bhfuair mé

© Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

aon bhuíochas ar a son. Bhí ionadh orm nuair a tugadh post an Ard-Rúnaí do Threasa, mar shampla. Tá i bhfad níos mó taithí agamsa ná mar ata aicise ach sin mar atá …

Ach ba é an rud ba mheasa ná seo: rinne mé oifig de mo theach féin! Bhí an obair ann i gcónaí. Ní raibh mé ábalta í a fhágáil i mo dhiaidh, fiú ag an deireadh seachtaine. Sin é an fáth a bhfuil mé ar ais san oifig anois. Oibrím óna naoi go dtí a cúig agus déanaim dearmad iomlán de ansin. Agus tá mé ag súil go mór le cóisir na Nollag i mbliana.

---

1. Cén fáth a raibh Nuala ag iarraidh bheith ag obair sa bhaile? ***Cuir tic leis an ráiteas is fearr.***

Chun aire níos fearr a thabhairt dá páistí. ☐
Chun rud éigin nua a dhéanamh. ☐
Bhí sí tuirseach den bhrú tráchta i mBaile Átha Cliath. ☐

2. Conas a fuair Nuala eolas faoi bheith ag obair sa bhaile?

_____

3. Cad é mar a chabhraigh bainisteoir na hoifige le Nuala? Cuir tic sa bhosca cuí.

- Thug sé cead di bheith ag obair go páirtaimseartha. ☐
- Thug sé traenáil di. ☐
- Thug sé airgead di chun billí a íoc. ☐

4. Léigh na ráitis thíos. An bhfuil siad ***fíor*** (f) nó ***bréagach*** (b) nó ***an dtugtar an t-eolas ar chor ar bith*** (?)***?***

- Réitíonn Nuala go maith le daoine san oifig. _____
- Tá cuid mhór de na cairde a bhí ag Nuala san oifig tar éis éirí as obair. _____
- Ní réitíonn Nuala agus an bainisteoir oifige go maith le chéile. _____

5. Cad é an rud ***is mó nár thaitin*** le Nuala faoin mbliain a chaith sí ag obair sa bhaile?

- Ní bhfuair sí ardú céime. ☐
- Ní raibh aon sos aici ón obair. ☐
- Ní bhfuair sí cuireadh dul go dtí cóisir na Nollag. ☐

6. Conas a bhain Nuala úsáid as an am breise a bhí aici? Luaigh dhá shampla ón téacs.

a._____

b. _____

© Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Scríbhneoireacht

20% den scrúdú: (50 marc)

1 *Críochnaigh an teachtaireacht ríomhphoist seo thíos.*
*Scríobh **<u>focal amháin</u>** i ngach bearna.*

/10 marc

A Mharcais,

Tá súil agam gur shroich tú féin agus na páistí an baile slán sábháilte oíche Dhomhnaigh. _____(1) mé féin agus Máire an-sult as an deireadh seachtaine agus tá súil againn go _____(2) sibh ar cuairt arís go luath.

Is breá liom an saol anseo ar an oileán ach bíonn sé uaigneach uaireanta agus bíonn an-fháilte i gcónaí _____(3) chuairteoirí. An ndúirt mé leat go mbeidh féile mhór ar siúl anseo i mí Lúnasa? Tagann ceoltóirí ó thíortha éagsúla _____(4) Eoraip agus bíonn seachtain iomlán de cheardlanna agus de cheolchoirmeacha ar siúl. Má _____(5) sibh an seans, ba cheart daoibh teacht anseo. Ar ndóigh is féidir libh fanacht sa teach linne. Bígí ag smaoineamh air! Níl aon deifir mar tá cúpla _____(6) ann fós sula dtosaíonn an fhéile. Bíonn an aimsir i bhfad níos _____(7) anseo i mí Lúnasa ná mar a bhí nuair a bhí sibhse anseo.

D'fhéadfadh na páistí dul ag snámh san fharraige nó má tá spéis _____(8) sa cheol, bíonn ranganna ceoil do pháistí ar siúl gach maidin. Bheadh orthu a gcuid uirlisí ceoil féin a _____(9) leo. Cuir glaoch orm má bhíonn aon eolas ag teastáil _____(10). Faoi mar a dúirt mé, bígí ag smaoineamh air!

Slán go fóill, Diarmaid

© Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

2 *Tá tú ag freastal ar chúrsa Fraincise.*
Scríobh ríomhphost chuig do chara Áine.
Ba cheart duit na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

/15 marc

- Inis di cé mhéad duine atá sa rang
- Déan cur síos ar an múinteoir
- Inis di céard a thaitin leat faoin rang

Scríobh **45-55** focal sa spás thíos

© *Ollscoil na hÉireann, Má Nuad*

3 *Seo thíos cuid den litir a fuair tú ó do chara pinn Hans ón nGearmáin.* /25 marc

Deir tú gur cheannaigh tú féin agus Bríd teach nua. Comhghairdeas! Cá bhfuil an teach? An bhfuil áiseanna maithe sa cheantar? Cén cineál tí atá ann? Cén uair a bheidh sibh ag dul chun cónaí ann?

- Scríobh litir ar ais chuig Hans.
- Tabhair freagra ar na ceisteanna a chuir sé sa litir thuas.
- Scríobh timpeall **120 focal** sa spás ar an gcéad leathanach eile.

© Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

© Ollscoil na hÉireann, Má Nuad